Focal id' Chluais.

A word in your ear. Samhain'09.

SaorThaistil.

Tá gach duine in aois 66 agus os a chionn i dteideal na scéime saorthaistil. Tá daoine áirithe faoi an aois sin i dteideal na scéime freisin. I gcásanna áirithe, tá fáil ar saorphas do chomrádaí chun ligint do dhuine bheith in éineacht leis an sealbhóir pas saorthaistil. Má tá tú i dteideal saorthaistil, eiseofar pas duit a bheidh ort a thabhairt leat agus tú ag baint úsáid as córas iompair phoiblí. Tá pasanna taistil neamh-inaistrithe agus ní féidir ach leis an duine ainmnithe amháin úsáid a bhaint astu. Tá saorthaisteal le fáil ar na seirbhísí iompair phoiblí Stáit go léir (Bus, Iarnród Éireann, Dart agus Luas). Tá saorthaisteal le fáil ar líon teoranta sheirbhísí bhus príobháideach áirithe freisin. Na hoibritheoirí iompair bhus príobháideacha a roghnaigh páirt a ghlacadh sa scéim Saorthaistil, glacann siad le pasanna saorthaistil.

Céile agus compánaigh: Má tá pas saorthaistil agat, tú pósta nó i do chónaí le duine (i do chónaí le fear nó bean mar fhear nó bean chéile), tá tú i dteideal Pas Saorthaistil a cheadaíonn do do pháirtí tú a thionlacan saor in aisce nuair a bhíonn sibh ag taisteal. Ina theannta sin, is féidir le roinnt daoine nach mbeadh ábalta úsáid a bhaint as an bpas mar nach féidir leo taisteal leo féin Pas Saorthaistil Chompánaigh a fháil. Ceadaíonn sé seo d'aon duine os cionn 16 bliana d'aois a bheith mar thionlacan ag an sealbhóir, saor in aisce.

Daoine eile atá i dteideal na scéime saorthaisteal ná daoine faoi aois 66 atá ag fáil Liúntas do Chúramóirí nó atá ina gcúramóirí ainmnithe do dhaoine atá ag fáil Liúntais Fhreastail Bhuain nó Liúntas don Ghaol Ceaptha ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Úsáid Pas Saorthaistil: Tá saorthaisteal le fáil ar sheirbhísí Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Dart , Luas agus ar sheirbhísí bhus agus farantóireachta príobháideach áirithe. Is féidir leat taisteal freisin in aisce ar sheirbhísí trasteorann áirithe idir Éire agus an Tuaisceart. Níl aon srian ar na hamanna gur féidir leat úsáid a bhaint as do Phas Saorthaistil.

Má chailleann tú do Phas Saorthaistil: Má chailleann tú do Phas Saorthaistil nó má tá sé goidte, ba chóir duit foirm FT27 (pdf) a chomhlánú chun Pas Saorthaistill Athsholáthair a fháil. Tá an fhoirm seo ar fáil ón Oifig Faisnéise do Shaoránaigh i Maigh Chromtha ag 026 42179. Caithfidh Garda áitiúil cuid den fhoirm a chomhlánú.

De ghnáth eiseofar an pas saorthaistil do dhaoine a chomhlíonann an critéir a bhaineann leis an scéim. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó na huimhreacha thíos:

Rannóg Saorthaistil, Dept: An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Bóthar an Choláiste, Sligeach. Teil: (071) 915 7100 Lóghlao: 1890 500 000

Bus Éireann/Corcaigh, Rannóg: Ionad Taistil, Busáras, Plás Parnell, Corcaigh. Teil (021) 450 8818.
Foinse: www.citizensinformation.ie

Scéim na dTithe Níos Teo.

Tá "Bantry Energy Trust", a bunaíodh faoi choimirce Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí, ag leanúint leis an Scéim do Thithe Níos Teo in Iarthar Chorcaí agus i nGaeltacht Mhúscraí. Tá an scéim seo ag soláthar insliú áiléir, seaicéid fálaithe, bolgáin solais isealfhuinnimh, insliú cuasbhalla agus comhairle ar fhuinneamh, chomh maith le tithe a dhéanamh díonmhar ar shéideáin. Tá an scéim seo dírithe beagnach go hiomlán ar sheanóirí agus ar dhaoine atá ag fáil íochaíocht leasa shóisialaigh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Finbarr O'Sullivan, West Cork Community Partnership, The Enterprise Centre, The Rope Walk, Bantry. Teil 027 52266 nó seol ríomhphost chuige ag Finbarr@wccp.ie

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Teil: 026-45661. muscrai@eircom.net

Séanadh: Tógaimid an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimid chomh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Cosliacht: Lár Mí na Nollag le coinne.
Cuir glaoch ar Mary/Eileen ag 026 40999.
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Ealaín le Pauline Dodds Hyland gach Mhairt,
Le breis eolais a fháil glaoigh ar 026 40999.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Siobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
19ú Samhain le coinne, 087 6579894.
Cosliacht: Le coinne, dáta le socrú. Glaoigh
ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Ealaín le Pauline Dodds Hyland gach Luan.
Cártaí gach Déardaoin ag 9in.
Tuilleadh eolais le fáil ó 026 47777.

Scoraíocht an Déardaoin.

Ionad Áise, Réidh na nDoirí.
Déardaoin 19ú Samhain 2.30 - 5in.
Beidh Denis Moynihan ón na mbannaí ceoil cáiliúla, "The White Heather Band" agus "The Denis Moynihan Quintet" ag seinm dúinn ag an Scoraíocht i Mí na Samhna. Beidh smaointí don scoraíocht i Mí na Nollag á phlé againn ar an 19ú lá freisin. Taisteal ar fáil, cuir glaoch go luath le do thoil, 026 – 45661.

Leabhrán "Keep Well this Winter"

Tá leabhrán eolais ón ESB/HSE ar chonas a coimead sláintiúil ar feadh an Geimhridh ag dul leis an Focal id' Chluais an mí seo.

Freagraí ón Mí seo caite.

Cleas Inchinne: Is tríríní a bhí ann. Ní raibh an siblín eile i láthair. **Dúcheist Tapaidh:** Chuir na huimhreacha san ord seo chun 100 a fháil, 16+35+47=98+2=100

Dúcheist Tapaidh.

Chun an cheist seo a réiteach caithfidh tú líne amháin a tharraingt. Is féidir é a cuir in aon áit ach níl cead agat na huimhreacha a athrú. (Draw one line to correct this sum.)

5+5+5=550

Císte Nollag Éadrom.

Comhábhair:
225gr./8 un rísíní
225gr./8 un sabhdánaigh
100gr /4 un silíní glacé
100gr /4un craicne criostalaithe
50gr. /2 un gallchnónna (mionghearrtha roghnach)
350gr/12 un plúr
½ tsp púdar bácála
Gráinne salainn
1 tsp spíosra measctha
225gr/8 un im
225gr/8 un siúcra mionaithe
25gr /1 un almóinní meilte
Craiceann grátálaithe de líomóid amháin
5 ubh buailte go héadrom.
Teocht an oighinn 300° F, 150°C nó gas 2.
Stán Chíste 8" cearnógach nó 9" cruinn.

Modh:
1. Socraigh an stán le páipéar donn dúbailte timpeall air agus le páipéar greiscdhíonach dúbailte a bhfuil im air ag a bun.

2. Más gá nigh na rísíní agus na sabhdánaigh. Gearr na silíní. Cuir na rísíní, sabhdánaigh, silíní, craiceann criostalaithe agus na gallchnónna isteach i mbabhla.

3. Criathraigh an plúr, púdar bácála agus na spíosraí le chéile.

4. Buail an t-im agus an siúcra go dtí go mbíonn siad bog bán. Fill isteach na halmóinní meilte agus an craiceann grátálaithe na líomóide.

5. Cuir na huibheacha buailte isteach beagáinín de réir a chéile á bhualadh go maith. Cuir spúnóg boird amháin den phlúr isteach leis an teascán deireanach des na huibheacha.

6. Fill isteach an meascán leis an bplúr le spúnóg miotail. Corraigh isteach na torthaí ullmhaithe agus measc na comhábhair go léir le chéile go maith.

7. Cuir an meascán isteach sa stán atá ullmhaithe. Bácáil san oigheann é ar feadh 3 uair. Cuir páipéar donn dúbailte ar bharr tar éis uair a chloig. Dein é a thriail le briogún miotail tar éis 2 ½ uair. Má thagann sé amach glan tá an císte bácáilte. Ba chóir don bharr a bheith daingean.

8. Lig dó fuarú sa stán.

9. Clúdaigh an císte le sraitheanna de pháipéar gréiscdhíonach agus sraith de scragall stáin nó scannán cumhdaithe.

Cleas Inchinne.

Téann an rud seo timpeall an domhain ach fanann sé sa chúinne. Cad é?